Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití Tuarascáil Chomhairliúcháin 2023

Cuid 4

Comhairliúcháin Fócasghrúpa

Comhairliúchán a rinne
H2 Learning
thar ceann na Roinne Oideachais
agus na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

Samhain 2023

Clár na nÁbhar

1. Comhairliúcháin Fócasghrúpa 2
1.1 Fócasghrúpaí na bPáirtithe Leasmhara 2
1.2 Formáid an Fhócasghrúpa 2
1.3 Cur Chuige maidir le hAnailís Sonraí 3
2. Aiseolas ó Ghrúpaí Fócais 3
2.1 Barúlacha ó Oideoirí Luathbhlianta 3
2.2 Barúlacha ó Bhainisteoirí Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige 5
2.3 Barúlacha ó Sholáthraithe Oideachais Ghairmiúil Tosaigh do FCLÓ 6
2.4 Barúlacha ó Mhúinteoirí Bunscoile 8
2.5 Barúlacha ó Phríomhoidí Bunscoile 9
2.6 Barúlacha ó Chigirí FCLÓ agus Bunscoile 11
2.7 Barúlacha ó Mhúinteoirí Iar-bhunscoile 14
2.8 Barúlacha ó Phríomhoidí Iar-bhunscoile 16
2.9 Barúlacha ó Chigirí Iar-Bhunscoile 17
2.10 Barúlacha ó Thuismitheoirí 19
2.11 Barúlacha ó Sholáthraithe Oideachais Tosaigh Múinteoirí 21
2.12 Barúlacha ó Ghnó agus Tionscal 22
2.13 Barúlacha ó Eagraíochtaí Tacaíochta 24
2.14 Barúlacha ó Fhoghlaimeoirí ar an mBunleibhéal 28
2.15 Barúlacha ó Fhoghlaimeoirí ar an Iar-Bhunleibhéal 30

1. Comhairliúcháin Fócasghrúpa

1.1 Fócasghrúpaí na bPáirtithe Leasmhara

Reáchtáladh cúig fhócasghrúpa dhéag san iomlán ar líne le linn na céime comhairliúcháin. Reáchtáladh na grúpaí fócais (féach Tábla 1) ar líne idir an 22 Feabhra agus an 4 Aibreán 2023.

Tábla 1: Fócasghrúpaí Comhairliúcháin le Páirtithe Leasmhara um Litearthacht, Uimhearthacht agus Litearthacht Dhigiteach

Dáta	Fócasghrúpa
22/02/2023	Príomhoidí Bunscoile
22/02/2023	Múinteoirí Bunscoile
23/02/2023	Múinteoirí Iar-bhunscoile
24/02/2023	Gnó agus Tionscal
27/02/2023	Tuismitheoirí
27/02/2023	Príomhoidí Iar-bhunscoile
28/02/2023	Soláthraithe Oideachais Ghairmiúil Tosaigh don FCLÓ
28/02/2023	Oideachas Tosaigh Múinteoirí
01/03/2023	Bainisteoirí FCLÓ
06/03/2023	Eagraíochtaí Tacaíochta
07/03/2023	Oideoirí FCLÓ
16/03/2023	Foghlaimeoirí Iar-bhunscoile
16/03/2023	Foghlaimeoirí Bunscoile
31/03/2023	FCLÓ agus Cigirí Bunscoile
04/04/2023	Cigirí Iar-bhunscoile

1.2 Formáid an Fhócasghrúpa

Mar ullmhúchán do sheisiúin den Fhócasghrúpa, sainaithníodh raon saincheisteanna le haghaidh tuilleadh iniúchta. D'aithin an Roinn Oideachais agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige rannpháirtithe ó ghrúpaí

éagsúla páirtithe leasmhara. Tugadh cuireadh dóibh a dtuairimí agus a n-ionchais a roinnt maidir leis an straitéis chomharba.

1.3 Cur Chuige maidir le hAnailís Sonraí

Sainaithníodh téamaí a bhí ag teacht chun cinn tar éis na ngrúpaí fócais. Chun athrá a sheachaint, rinneadh cónascadh idir na freagairtí a bhí cosúil le chéile ó na grúpaí fócais. Ina dhiaidh sin, tugadh lipéad téamach do gach freagairt, a tháinig as an ábhar díospóireachta agus a bhí bunaithe air.

2. Aiseolas ó Ghrúpaí Fócais

Soláthraítear sa chuid seo achoimre ar na príomhphointí a d'ardaigh rannpháirtithe i ngach ceann de na cúig fhócasghrúpa dhéag.

2.1 Barúlacha ó Oideoirí Luathbhlianta

Teanga agus litearthacht a chur chun cinn

Cuireann oideoirí luathbhlianta teanga agus litearthacht chun cinn go príomha trí straitéisí cumarsáide agus idirghníomhacha chun forbairt teanga a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as áiseanna amhairc, leabhair agus am scéalaíochta. Úsáidtear suíomhanna ina bhfuil éagsúlacht ábhar clóite iontu, lena n-áirítear lipéid le pictiúir, focail, ainmneacha, agus siombailí i dteangacha éagsúla. I ngníomhaíochtaí praiticiúla eile ar nós na cócaireachta bíonn ar na leanaí biachláir agus liostaí siopadóireachta a chur le chéile. Cuireann úsáid modheolaíochtaí éagsúla le béim ar ghníomhaíochtaí lasmuigh tuilleadh le scileanna teanga agus litearthachta. Ba mhaith le hoideoirí luathbhlianta níos mó acmhainní a bheith ann don fhoghlaim sa bhaile, amhail pacáistí leabhar, agus tacaíocht fheabhsaithe ó ghairmithe mar theiripeoirí urlabhra agus teanga.

Uimhearthacht a chur chun cinn

Bíonn cothú na huimhearthachta i bhfoghlaim agus cúram na luath-óige (FCLÓ) i gcónaí ann agus comhtháite i ngnáthaimh laethúla. Tá gníomhaíochtaí súgartha ina mbíonn

comhaireamh agus meastachán cainníochta coitianta amhail bloic thógála, bia a dhéanamh agus a riar nó siopa a imirt. Shainaithin oideoirí fócas leanúnach ar chomhtháthú na huimhearthachta in eispéiris súgartha agus ag an am céanna, an nasc idir cainníocht agus uimhreacha atá soiléir agus treisithe a chinntiú mar thosaíocht d'fhorbairt leanúnach. Chomh maith leis sin, iarrann oideoirí maoiniú breise, trealamh agus laethanta inseirbhíse le haghaidh forbairt uimhearthachta agus cúrsaí athnuachana chun coincheapa agus straitéisí uimhearthachta foghlamtha a threisiú.

Litearthacht dhigiteach

Féachann oideoirí luathbhlianta ar litearthacht dhigiteach mar uirlis luachmhar sa luathfhoghlaim. Úsáidtear teicneolaíocht chun téama a phlé, chun cur i láthair ceiliúrtha a dhéanamh, agus chun an fhoghlaim a dhéanamh níos idirghníomhaí. Mar sin féin, teastaíonn tacaíocht ó shuíomhanna FCLÓ chun níos mó uirlisí digiteacha agus oiliúint a chur ar fáil d'oideoirí ar na bealaí is éifeachtaí chun iad a úsáid.

Tá gá le tuiscint níos comhleanúnaí ar acmhainneacht agus ar ról na litearthachta digití in FCLÓ, rud a shonraíonn más ceart coincheapa na litearthachta digití a thabhairt isteach go luath, nuair ba cheart é sin a dhéanamh agus conas é sin a dhéanamh. Tacóidh sé sin le muinín na n-oideoirí as an litearthacht dhigiteach a chur chun feidhme go cuí sa churaclam. Moladh gur gá aon chleachtais litearthachta digití atá beartaithe in FCLÓ a chur in iúl go soiléir do thuismitheoirí freisin.

Béarla mar Theanga Bhreise (EAL)

Thug oideoirí luathbhlianta breac-chuntas ar na dúshláin agus ar an rath a bhí orthu agus iad ag tacú le leanaí agus lena dtuismitheoirí arb é an Béarla teanga bhreise dóibh. Bhí dúshláin le sárú ag roinnt acu maidir le comhpháirtíochtaí bunriachtanacha a fhorbairt le tuismitheoirí. Ar na réitigh fhéideartha a sainaithníodh tá earcú níos mó ball foirne ilteangach agus tuismitheoirí agus iar-thuismitheoirí a bheith níos rannpháirtí i bhfoghlaim teanga agus san aistriúchán. Léirigh cuid eile an gá atá le maoiniú breise le haghaidh tacaíochtaí teanga agus ba mhaith leo go dtiocfadh tacaíochtaí EAL faoi mhúnla AIM.

Forbairt Ghairmiúil

Ba mhaith le hoideoirí luathbhlianta tuilleadh tacaíochta agus deiseanna forbartha gairmiúla chun a gcleachtas a fheabhsú. Leagadh béim ar níos mó deiseanna a sholáthar d'fhorbairt ghairmiúil oideoirí chomh maith le rochtain níos fearr ar sheirbhísí tacaíochta gairmiúla, amhail teiripeoirí urlabhra, mar réimsí le haghaidh forbartha.

2.2 Barúlacha ó Bhainisteoirí Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige

Teanga agus litearthacht i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige

Agus teanga agus litearthacht á gcur chun cinn, leag bainisteoirí FCLÓ béim ar raon leathan de straitéisí éifeachtacha. Cuireann rochtain dhíreach ar theiripeoirí Urlabhra agus Teanga (SLT) agus ar theiripeoirí saothair (OT), chomh maith le húsáid Lámh agus Hanen, leis an bpróiseas forbartha teanga. Tá ról suntasach ag áiseanna amhairc, modheolaíochtaí idirghníomhacha agus Treoir Chleachtais Aistear Síolta. Cinntíonn ionchorprú gníomhaíochtaí urlabhra agus teanga ó sheomra na naíonán aníos, comhtháthú gníomhaíochtaí amhail damhsa, amhráin agus súgradh, mar aon le cumarsáid le SLTanna, forbairt chuimsitheach teanga. I measc na ndúshlán sa réimse sin tá ardráta athraithe foirne, agus an gá atá le cumarsáid níos fearr le speisialtóirí AIM (an tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú).

Forbairt ghairmiúil d'Oideoirí Luathbhlianta

Ba mhaith le bainisteoirí FCLÓ forbairt ghairmiúil ní ba chuimsithí a bheith ann d'oideoirí, mar aon le leathnú amach idirghabhálacha éifeachtachta SLT agus OT. Léiríonn siad imní nach bhfuil go leor tionscnamh ar fáil go huilíoch agus éilíonn siad cur chuige níos comhtháite, ag moladh gur cheart go mbeadh oifigeach forbartha tiomnaithe ag gach suíomh. Sainaithníodh freisin go raibh gá le próiseas meantóireachta níos struchtúrtha. Chuirfí fáilte roimh am saor d'fhorbairt ghairmiúil éigeantach na foirne, agus do chúrsaí forbartha gairmiúla deimhnithe níos foirmeálta. Luadh freisin naisc níos fearr a chothú leis an mbunoideachas. Chomhlánódh cruthú phobail chleachtais FCLÓ an fhorbairt ghairmiúil freisin.

Uimhearthacht i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige

Tá cur chun cinn na huimhearthachta fite fuaite i ngníomhaíochtaí atá bunaithe ar shúgradh agus tá an fhoghlaim lasmuigh á treorú ag Creataí Síolta agus Aistear. Tá an

bhéim ar shúgradh gníomhach le hiarrachtaí chun saoirse rogha an linbh a choinneáil sula n-aistríonn siad chuig an mbunoideachas. Tá sé ríthábhachtach dul chun cinn leanaí a rianú agus cumarsáid chomhsheasmhach a dhéanamh le tuismitheoirí faoi fhorbairt a linbh. Tá clár foirmiúil don uimhearthacht ann, agus dírítear ar theanga na huimhearthachta a chleachtadh.

Ba chóir go leagfadh straitéis nua níos mó béime ar choincheapa uimhearthachta agus ar iad a chur chun cinn, go háirithe sna céimeanna babaí agus lapadáin. Tacaíonn bainisteoirí le feasacht mhéadaithe d'oideoirí agus forbairt ghairmiúil, rud a dhíríonn ar chur chun cinn na huimhearthachta. Ba chóir béim a chur ar an bhfoghlaim ghníomhach chun dul i ngleic le stíleanna maireachtála éighníomhacha agus an iomarca ama scáileáin.

Litearthacht Dhigiteach i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige

Léiríonn bainisteoirí cur chuige cúramach i leith ról na litearthachta digití. Úsáidtear uirlisí digiteacha, amhail feidhmchláir agus teicneolaíocht chúnta, le haghaidh tascanna sonracha amhail grianghraif nó físeáin a ghlacadh d'obair leanaí. Sa luath-óige, tá an fócas fós ar scileanna réamhfheiste, agus úsáidtear an teicneolaíocht mar uirlis teagaisc agus chun teacht ar fhaisnéis. Tá oiriúnacht aoise ríthábhachtach, agus tuigtear gurb ionann litearthacht dhigiteach agus na scileanna a fhorbraítear chun teicneolaíocht a úsáid go héifeachtach.

Cuireann Bainisteoirí FCLÓ in iúl go bhfuil drogall orthu cláir atá dírithe ar litearthacht dhigiteach a fhorchur, agus molann siad go gcoinnítear bunús an tsúgartha, na samhlaíochta agus na cruthaitheachta. Éilíonn siad níos mó inrochtaineachta, oideachais agus feasachta maidir le litearthacht dhigiteach aoisoiriúnach. Molann siad gur cheart go n-áireofaí sa straitéis sainmhínithe soiléire ar litearthacht dhigiteach agus cuireann siad in iúl gur gá d'oideoirí teorainneacha teicneolaíochta a thuiscint.

2.3 Barúlacha ó Sholáthraithe Oideachais Ghairmiúil Tosaigh do FCLÓ

Oideachas litearthachta

Luaigh rannpháirtithe an chaoi a dtugann a gcláir aghaidh ar oideachas litearthachta go príomha trí shúgradh agus trí ghníomhaíocht choirp, agus iad ag feidhmiú mar bhunús

don litearthacht tosaigh. I measc na straitéisí suntasacha bhí scileanna litearthachta atá ag teacht chun cinn a fhorbairt, éisteacht ghníomhach, scéalaíocht, foghlaim réamhliteartha trí shúgradh agus iniúchadh a dhéanamh ar theanga, litríocht agus cultúr. Dírítear freisin ar thábhacht na teanga bhéil mar bhunchloch don litearthacht agus do naisc bharántúla le scileanna na n-oideoirí luathbhlianta féin.

Oideachas uimhearthachta

Maidir le hoideachas uimhearthachta, dúirt rannpháirtithe go bhfuil sé comhtháite ar fud modúil éagsúla le léirmhíniú leathan ar scileanna uimhearthachta, ag aistriú ó chásanna nithiúla go cásanna teibí. Tá béim freisin ar iniúchadh a dhéanamh ar uimhearthacht trí shúgradh agus trí úsáid a bhaint as cineálacha éagsúla cur chuige oideolaíochta. Mar sin féin, tá imní faoi imní na matamaitice i measc oideoirí luathbhlianta, agus seachnaíonn cuid acu go comhfhiosach teagasc d'aon ghnó ar choincheapa na luath-uimhearthachta.

Litearthacht dhigiteach

D'aithin na rannpháirtithe bearnaí i gcláir reatha maidir le litearthacht dhigiteach. Mar sin féin, thug siad faoi deara go bhfuil modúil nua á bhforbairt chun aghaidh a thabhairt air sin, modúil a dhíríonn ar ról tacúil na teicneolaíochta i bpleanáil oideoirí agus i bhfoghlaim leanaí a dhoiciméadú. Chomh maith leis sin, tá sé mar aidhm ag na cláir sin uirlisí digiteacha cuí a thabhairt isteach d'oideolaíocht oideoirí agus litearthacht dhigiteach a fhorbairt i measc foghlaimeoirí. Aithnítear go bhfuil imní ar roinnt daltaí faoi ról na teicneolaíochta digití sna luathbhlianta.

Tionchar na straitéise litearthachta agus uimhearthachta

Baineadh úsáid as Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta 2011 mar threoir i gcláir reatha. Mar sin féin, tá gá sainráite ann go mbeadh an straitéis nua ní b'iomlánaíche agus i gcomhthéacs ar bhealach ní b'fhearr do FCLÓ. Ina theannta sin, ardaíodh dúshláin in earnáil FCLÓ amhail ardráta athraithe foirne agus an gá le tacú le héagsúlacht mar shaincheisteanna nach mór a bhreithniú.

Dúshláin an straitéis litearthachta agus uimhearthachta a chur chun feidhme

Shainaithin an fócasghrúpa dúshláin maidir le cur chun feidhme na straitéise reatha, amhail na difríochtaí i dteagasc na litearthachta agus na huimhearthachta in FCLÓ i gcomparáid le teagasc ar leibhéil bhunscoile agus mheánscoile. I measc na ndúshlán eile tá an gá le tuilleadh rannpháirtíochta a dhéanamh le tuismitheoirí agus le breithniú ar straitéisí do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu. Ardaíodh staid FCLÓ i straitéis nua freisin agus an gá atá le leanúnachas san fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

Tacaíochtaí riachtanacha chun soláthar a fheabhsú

Leag na rannpháirtithe béim ar an ngá atá le pobal cleachtais do FCLÓ agus tacaíocht fhoirmiúil rialtais chun an straitéis a chur chun feidhme, lena n-áirítear forbairt ghairmiúil mhaoinithe. D'iarr siad go mbeadh níos mó deiseanna ag oideoirí foghlaim óna chéile agus acmhainní oiliúna breise. Moladh cothroime i measc na n-earnálacha, foghlaim ó shuíomhanna reatha agus iniúchadh a dhéanamh ar acmhainní forbartha gairmiúla atá ann cheana féin mar bhealaí chun an soláthar a fheabhsú.

2.4 Barúlacha ó Mhúinteoirí Bunscoile

Gníomhaíochtaí agus acmhainní atá dírithe ar an Litearthacht a fheabhsú

Chuir na grúpaí fócais béim ar an tionchar dearfach atá ag cláir litearthachta agus ag idirghabhálacha a cuireadh i bhfeidhm ó 2011 i leith thar raon scoileanna. D'aithin múinteoirí an tábhacht a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach i réimsí, amhail forbairt stór focal, agus d'iarr siad go ndéanfaí athmheastóireacht ar chuir chuige litearthachta, go háirithe mar fhreagra ar na dúshláin oideachais a bhaineann le COVID-19. Moladh sa phlé go ndéanfaí tuilleadh infheistíochta i gcláir agus in acmhainní fianaise-bhunaithe, go leanfaí d'fhorbairt ghairmiúil a sholáthar i bhforbairt stór focal agus i modhanna teagaisc, agus in athmheasúnú a dhéanamh ar úsáid na measúnuithe caighdeánaithe.

Gníomhaíochtaí agus acmhainní atá dírithe ar an Uimhearthacht a chur chun cinn

Chomh maith leis sin, chuir múinteoirí éifeachtúlacht na gclár agus na gcur chuige uimhearthachta in iúl, amhail teagasc stáisiúin, agus cluichí matamaitice i gcur chun cinn na huimhearthachta sna seomraí ranga. Leag siad béim ar an tábhacht a bhaineann

le pleananna uile-scoile don uimhearthacht, de réir mar a fheabhsaíonn siad teanga na matamaitice, agus maidir leis an gcuraclam a dhéanamh níos praiticiúla. Mhol an grúpa go raibh gá le tuilleadh forbartha gairmiúla i gcuir chuige, amhail réiteach fadhbanna. Chun oideachas uimhearthachta a neartú, mhol an grúpa go gcuirfí acmhainní níos mealltaí chun cinn, go gcuirfí plean uile-scoile chun feidhme a chuimsíonn fócas ar theanga mhatamaitice agus ar fheidhmeanna praiticiúla, agus go spreagfaí cuir chuige éagsúla chun fadhbanna a réiteach.

Gníomhaíochtaí agus acmhainní atá dírithe ar litearthacht dhigiteach a neartú

Cé go n-athraíonn an tuiscint ar litearthacht dhigiteach, d'admhaigh an fócasghrúpa bunmhúinteoirí ról ríthábhachtach na litearthachta digití san oideachas nua-aimseartha. Thug siad faoi deara gur minic a bhí daltaí ní ba ghafa nuair a rinneadh Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (TFC) a chomhtháthú le gníomhaíochtaí an tseomra ranga. Shainaithin múinteoirí raon uirlisí éifeachtacha, ach leag an grúpa béim ar an ngá atá le forbairt ghairmiúil in úsáid na n-uirlisí sin agus le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna amhail mífhaisnéis/bréagaisnéis, agus scileanna smaointeoireachta criticiúla á gcothú ag an am céanna. Braitheadh go gcinntíonn céimeanna dá leithéid cur chuige níos aontaithe agus níos éifeachtaí maidir le hoideachas litearthachta digití, uimhearthachta agus litearthachta.

Chomh maith leis sin, leagadh béim ar rochtain chothrom ar ghléasanna agus acmhainní digiteacha do gach foghlaimeoir a chinntiú, agus iarradh comhoibriú le cuideachtaí teicneolaíochta chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí rochtana.

Straitéis chuimsitheach a fhorbairt le haghaidh torthaí foghlama feabhsaithe

Mhol múinteoirí gur chóir go soláthrófaí sa straitéis nua cur chuige céimnithe maidir le litearthacht dhigiteach a fhorbairt, tástálacha diagnóiseacha a chruthú a d'oirfeadh do churaclam Matamaitice na hÉireann, tacaíocht mhéadaithe foirne agus tuilleadh deiseanna forbartha gairmiúla tar éis am scoile agus le linn am scoile.

2.5 Barúlacha ó Phríomhoidí Bunscoile

Ceannaireacht scoile a fheabhsú

Chuir an plé le ceannairí scoile béim ar an tábhacht a bhaineann le ceannaireacht scoile agus lena chinntiú go mbíonn an t-am agus na tacaíochtaí riachtanacha ag ceannairí scoile chun straitéisí litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití a threorú ina gcuid scoileanna.

Comhoibriú agus cleachtas machnamhach a chur chun cinn

Tugadh faoi deara go gcuireann scoileanna atá ag plé go héifeachtach le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach am agus spás ar fáil le cur ar chumas na foirne a bheith ag machnamh agus ag comhoibriú. Moladh go bhfaigheadh scoileanna am le cur ar chumas na foirne suí síos le chéile agus taighde a dhéanamh, pleanáil, cur chun feidhme agus machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas mar chuid den phleanáil uile-scoile. Tá timthriall d'obair chomhoibríoch riachtanach le haghaidh fíor-rannpháirtíochta agus glacadh rathúil straitéisí oideachais nua.

Aghaidh a thabhairt ar Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO)

Thug rannpháirtithe faoi deara gur minic gur féidir le dúshláin a bhaineann le RSO a bheith ina n-ábhar imní suntasach i scoileanna, agus is minic a chaitheann ceannairí scoile an iomarca ama ar pháipéarachas a bhaineann le hacmhainní breise a fháil d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Thug ceannairí scoile faoi deara go bhfuil gá le próisis níos cuíchóirithe agus níos éifeachtaí chun a chinntiú go bhfaigheann foghlaimeoirí RSO an tacaíocht a theastaíonn uathu go tráthúil.

Teastaíonn acmhainní dóthanacha chun straitéis rathúil litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha a bheith ann. Is éard atá i gceist leis sin ná ní hamháin infheistíocht in acmhainní foghlama saincheaptha aonair ar nós léitheoirí céimnithe agus trealamh matamaitice, ach forbairt ghairmiúil mhéadaithe i gcláir fhianaise-bhunaithe freisin. Mhothaigh ceannairí scoile gur chóir machnamh a dhéanamh ar an gcóimheas idir daltaí agus múinteoirí a laghdú tuilleadh nó leithdháileadh na Múinteoirí Oideachais Speisialta (MOS) a mhéadú.

An Tábhacht a bhaineann le hEispéiris Foghlama na Luath-Óige

Leag ceannairí bunscoile béim ar an tábhacht a bhaineann le heispéiris foghlama leanaí sa bhaile agus i suíomhanna FCLÓ sula dtosaíonn siad ar an mbunscoil. Socraíonn leanaí

a thagann chuig an mbunscoil sna naíonáin shóisearacha i bhfad níos tapúla tar éis taithí a fháil ar dheiseanna foghlama dearfacha bunaithe ar shúgradh, arna dtacú ag Aistear. Tá sé sin le feiceáil ina gcumas gnáth-thascanna a dhéanamh agus réiteach le daltaí eile chomh maith.

Rochtain leathanbhanda

Mhol cuid acu siúd a bhí i láthair go raibh gá le tosaíocht a thabhairt do cheist rochtana leathanbhanda faoin tuath. Moladh go bhféadfaí aghaidh a thabhairt air sin trí leathanbhanda snáithíneach a chur ar fáil do gach scoil, iad siúd i gceantair thuaithe san áireamh. Dhéanfadh leathnú an bhonneagair leathanbhanda ar an mbealach sin an bhearna a líonadh agus chinnteodh sé go mbeadh rochtain ag gach scoil, beag beann ar shuíomh nó ar mhéid, ar raon acmhainní digiteacha a d'fhéadfadh tacú le cleachtais éifeachtacha teagaisc agus foghlama.

Cleachtais fheabhsaithe teagaisc

Moladh gur cheart oiliúint inseirbhíse scoilbhunaithe a mhéadú, go háirithe maidir le teagasc na matamaitice, chun cleachtais teagaisc reatha a fheabhsú. Ina theannta sin, moladh go dteastaíonn oiliúint bhreise litearthachta agus uimhearthachta, maidir le tacaíochtaí agus idirghabhálacha sonracha, i ngach scoil. Mhol daoine eile freisin gur cheart Breith ar an Matamaitic a leathnú chun gach scoil a chuimsiú. Ina theannta sin, thug daoine eile faoi deara go bhfuil gá le treoir maidir leis an gcaoi teicneolaíocht dhigiteach a úsáid ar bhealach níos fearr chun naisc níos dlúithe a bhunú idir an baile agus an scoil.

2.6 Barúlacha ó Chigirí FCLÓ agus Bunscoile

Cleachtais Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití i scoileanna agus i suíomhanna FCLÓ

Tá múinteoirí tiomanta d'fhorbairt ghairmiúil agus cleachtas éifeachtach a roinnt, go minic ina gcuid ama féin. Leis an aistriú chuig ardáin ar líne tá rochtain níos leithne ar fhorbairt ghairmiúil. Mar sin féin, tá difríocht idir deiseanna forbartha gairmiúla ar leibhéal FCLÓ agus ar leibhéal na bunscoile.

Fócas uimhearthachta a threisiú sa straitéis chomharba

Ba chóir go leanfadh an straitéis nua leis an bhfócas méadaithe ar uimhearthacht agus go mbeadh sí ag sainaithint na réimsí ina bhfuil foghlaimeoirí in Éirinn beagán níos laige, amhail cruth agus spás, agus ag díriú orthu sin. Ní mór an mhatamaitic a mhúineadh ar fud an churaclaim agus í a chomhtháthú le hathruithe nua curaclaim, lena n-áirítear curaclam nua na matamaitice agus an tsraith straitéisí Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM).

Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí i ndul chun cinn na bhfoghlaimeoirí

Dúshlán a sainaithníodh sna comhairliúcháin is ea rannpháirtíocht na dtuismitheoirí in aistear foghlama a linbh. D'fhéadfadh comhoibriú níos dlúithe le Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí agus tionscnaimh a chur i láthair chun rannpháirtíocht a mhéadú cabhrú. Tá gá le mol lárnach do thuismitheoirí chun teacht ar fhaisnéis faoi oideachas a gcuid leanaí.

Tacú le Foghlaimeoirí Éagsúla

Tá gá le tacaíochtaí a chur ar fáil ar bhealach níos uilíche in FCLÓ agus le feabhas a chur ar an tuiscint i measc oideoirí FCLÓ ar a bhfuil ar fáil. D'fhéadfaí tacú ar bhealach níos fearr leis an aistriú ó FCLÓ go bunscoil, go háirithe do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu.

Dea-chleachtas i litearthacht na Gaeilge a chur chun cinn

Ba chóir go dtabharfadh an straitéis nua aghaidh ar an ngá práinneach atá le feabhas a chur ar theagasc an dara teanga, go háirithe don Ghaeilge. Is gné shuntasach í inniúlacht agus muinín na múinteoirí sa réimse sin. Tá gá freisin le tuilleadh deiseanna forbartha gairmiúla i dteagasc an dara teanga.

Cáilíocht fhoghlaim na litearthachta digití a fheabhsú

Thug cigirí faoi deara go bhfuil éagsúlacht idir an tuiscint atá ag oideoirí/múinteoirí ar litearthacht dhigiteach agus na leibhéil inniúlachta ar fud suíomhanna/scoileanna. Aontaítear gur gá scileanna digiteacha a mhúineadh go soiléir mar scileanna feidhmiúla. Tá dlúthnasc freisin ag litearthacht dhigiteach le hinniúlachtaí digiteacha na n-oideoirí/na múinteoirí féin. Is minic a fheictear an úsáid is éifeachtaí as litearthacht dhigiteach i suíomhanna/scoileanna a fhreastalaíonn ar riachtanais chasta.

Tacaíonn litearthacht dhigiteach le foghlaim, teagasc agus measúnú faoi láthair ach níl sí sa phríomhshruth sa chóras oideachais. Ní mór í a chomhtháthú ar fud an churaclaim. Tá roinnt scoileanna den scoth, go háirithe iad siúd a bhfuil baint acu leis an gciste sármhaitheasa scoile, a léiríonn na buntáistí a bhaineann le foghlaim na litearthachta digití d'fhoghlaimeoirí. Tá forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí ríthábhachtach, chomh maith le hinfhaighteacht uirlisí digiteacha.

Fuair cigirí amach nach n-úsáidtear litearthacht dhigiteach go forleathan in FCLÓ, ach amháin chun obair leanaí a dhoiciméadú. Tá gá le treoir d'oideoirí maidir le conas is féidir uirlisí digiteacha a úsáid chun tacú le foghlaim atá bunaithe ar fhiosrúchán. Tá dúshláin ann, amhail rochtain eatramhach ar ghléasanna agus easpa acmhainní ar líne. Tá cumas na litearthachta digití in FCLÓ suntasach, go háirithe maidir le cruthaitheacht agus fiosracht a chothú.

Feabhas a chur ar ról an mheasúnaithe sa Litearthacht, san Uimhearthacht agus sa Litearthacht Dhigiteach

Tá príomhfhócas an mheasúnaithe ar an mbunleibhéal ar thástáil chaighdeánaithe sa litearthacht agus san uimhearthacht faoi láthair. Níl ról an mheasúnaithe litearthachta digití soiléir go fóill. Tá gá le forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí maidir le measúnú agus le dearcadh níos comhtháite ar an measúnú a chuirtear i láthair sa straitéis nua. Tá samplaí de dhea-chleachtais mheasúnaithe in FCLÓ, ach tá mearbhall i measc roinnt oideoirí maidir le cuspóir an mheasúnaithe agus an nasc atá aige leis an bpleanáil.

An Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití a ailíniú le leasú curaclaim

Chuir an Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta roimhe seo bonn láidir ar fáil don chlár oibre leasaithe curaclaim reatha. Ní mór an straitéis nua a ailíniú le forbairtí nua curaclaim, agus ba cheart féachaint uirthi mar uirlis chun í a chomhtháthú agus a chur chun feidhme. Tá Creatchuraclam na Bunscoile mar bhunús don fhoghlaim, don teagasc agus don mheasúnú ar ardchaighdeán, agus cuireann sé le rath agus le láidreachtaí na gcuraclam roimhe seo agus treisíonn sé naisc leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn leanaí i réamhscoileanna, bunscoileanna, scoileanna speisialta agus iar-bhunscoileanna.

2.7 Barúlacha ó Mhúinteoirí Iar-bhunscoile

Tionscnaimh litearthachta agus uimhearthachta

Spreag an grúpa cur chun cinn na huimhearthachta agus na litearthachta sa ghnáthshaol trí ghníomhaíochtaí, comórtais agus taispeántais amhairc sna seomraí ranga agus timpeall na scoile. Cabhraíonn cur chuige den sórt sin le daltaí léirthuiscint a bheith acu ar chur i bhfeidhm praiticiúil scileanna uimhearthachta agus litearthachta ina saol laethúil.

Chuir múinteoirí béim ar an ngá atá le tionscnaimh litearthachta agus uimhearthachta scoile iomlánaíocha. Is féidir le hidirghabhálacha amhail Clár Saibhriúcháin Stór Focal Oiriúnaithe CNOS (CSSF) a bheith ina n-uirlis éifeachtach chun litearthacht a fheabhsú. Ba chóir go gcothódh na tionscnaimh sin léitheoireacht sa rang, rannpháirtíocht le himeachtaí éagsúla agus comhoibriú idir ranna ábhar.

Cuireadh béim ar chláir agus ar thionscnaimh rathúla litearthachta agus uimhearthachta a rolladh amach chuig níos mó daltaí agus ranganna. D'aithin múinteoirí an tábhacht a bhaineann le huirlisí ar nós an Chláir Luathléitheoireachta chun scileanna léitheoireachta daltaí aonair a neartú, go háirithe do dhaltaí nua.

Comhoibriú tras-rannach

Chuir an fócasghrúpa béim ar a thábhachtaí atá sé comhoibriú tras-rannach a neartú a thuilleadh. Moladh go spreagfaí ranna ábhar le bheith ag obair le chéile níos mó agus ag tacú lena chéile i gcur chun feidhme polasaithe litearthachta agus uimhearthachta. D'fhéadfadh cur chuige ní ba láidre agus ní b'aontaithe a bheith ann maidir le hoideachas litearthachta agus uimhearthachta dá ndéanfaí dea-chleachtais a roinnt i measc ranna ábhar.

Tacaíocht folláine

Pléadh mar thosaíocht tionscnaimh folláine a chomhtháthú i gcláir litearthachta agus uimhearthachta. Moladh feabhas a chur ar chumarsáid agus ar chomhroinnt faisnéise idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna mar straitéis chun daltaí a ullmhú ar bhealach níos fearr don aistriú agus a bhfolláine a fheabhsú ar an iomlán.

Forbairt ghairmiúil

Luaigh rannpháirtithe iomadúla ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla do mhúinteoirí a dhíríonn ar litearthacht dhigiteach agus ar chur chun feidhme straitéisí litearthachta agus uimhearthachta. Moladh gur cheart go mbeadh tuilleadh roghanna ag múinteoirí maidir leis na cineálacha gníomhaíochtaí forbartha gairmiúla a bhfuil rochtain acu orthu.

Infhaighteacht acmhainní

Chuir an grúpa béim freisin ar an ngá atá le hacmhainní agus cláir sa bhreis a sholáthar do mhúinteoirí chun cabhrú le forbairt na litearthachta digití i scoileanna. Leag siad béim freisin ar a thábhachtaí atá an cóimheas is fearr idir múinteoirí agus daltaí nó ar úsáid múinteoirí tacaíochta/teagasc foirne chun litearthacht, uimhearthacht agus forbairt litearthachta digití a fheabhsú. Measadh go mbeadh sé bunriachtanach níos mó ama pleanála don fhoireann agus do mhúinteoirí aonair a éascú chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do dhaltaí.

Idirghabhálacha agus tacaíocht do dhaltaí

Leag na comhairliúcháin béim ar an ngá atá le hidirghabhálacha spriocdhírithe agus tacaíocht do dhaltaí a sholáthar, go háirithe dóibh siúd a dteastaíonn cúnamh breise uathu maidir le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach. Mhol an grúpa go bhféadfaí tacaíochtaí atá i bhfeidhm cheana féin i roinnt scoileanna CDSISI (DEIS), amhail Clubanna Obair Bhaile chun scileanna matamaitice agus uimhearthachta a fheabhsú, a leathnú tuilleadh. Moladh freisin go bhféadfadh scoileanna conair ghairme a bhíonn ag brath go mór ar scileanna uimhearthachta a chur chun cinn, agus ar an mbealach sin daltaí a spreagadh chun dul i ngleic ar bhealach níos doimhne le foghlaim na huimhearthachta.

Litearthacht dhigiteach

Thug múinteoirí faoi deara a thábhachtaí atá sé oiliúint litearthachta digití a mhéadú do mhúinteoirí agus do dhaltaí araon. Ba chóir go gcuimseodh an oiliúint iompar eiticiúil ar líne, lena n-áirítear cosc bradaíola, agus bunscileanna TFC. Chun litearthacht dhigiteach na ndaltaí a fhorbairt, moladh gur cheart gearrchúrsaí ar leith amhail Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha agus Códú a chur chun cinn tuilleadh sa tSraith Shóisearach. Pléadh teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, amhail teicneolaíochtaí giniúnacha Intleachta Saorga (IS), i gcomhthéacs na ndúshlán a bhaineann le bradaíl,

cóipcheart, iompar eiticiúil agus saincheisteanna amhail mífhaisnéis agus bréagaisnéis. Mhol daoine eile gur cheart do dhaltaí dul isteach san iar-bhunoideachas le sraith scileanna litearthachta digití réamhchinnte.

2.8 Barúlacha ó Phríomhoidí Iar-bhunscoile

Gníomhaíochtaí agus acmhainní litearthachta a bhfuil tionchar acu

Tugadh faoi deara go raibh tionchar suntasach ag go leor gníomhaíochtaí agus acmhainní atá dírithe ar an litearthacht ar scoileanna cheana féin. Rinne roinnt príomhoidí tagairt don tábhacht a bhaineann le pleanáil chuimsitheach maidir leis an litearthacht agus an uimhearthacht, a bhaineann le pobal uile na scoile, go minic i gcomhar le heagraíochtaí, amhail an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS). Rinne roinnt príomhoidí eile tagairt d'úsáid éifeachtach uirlisí digiteacha ar leith a chuir ar chumas scoileanna sonraí a bhailiú ar leibhéil litearthachta agus uimhearthachta na ndaltaí agus iad ag dul isteach san iar-bhunscoil.

Chuir Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh (JCSP) agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) tacaíocht litearthachta luachmhar ar fáil do go leor scoileanna. Tá tús curtha le cur chuige uile-scoile ag roinnt scoileanna ar nós cláir phiarléitheoireachta, measúnuithe litrithe le heochairfhocail, cóid cheartúcháin choitianta, agus tá tionchar dearfach ag oideachas aigne faoi thábhacht na léitheoireachta ar an litearthacht freisin. Thug príomhoidí faoi deara go dteastaíonn tacaíochtaí litearthachta breise ó dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (RSO), chomh maith le roinnt tuismitheoirí daltaí.

Chuir príomhoidí béim ar fhorbairt ghairmiúil, agus ar fhócas ar leith ar róil cheannaireachta litearthachta a chuimsiú.

Gníomhaíochtaí agus acmhainní éifeachtacha uimhearthachta

Áirítear le gníomhaíochtaí atá dírithe ar an uimhearthacht béim a chur ar ábhar uimhearthachta ar fud na n-ábhar go léir, agus príomhthéarmaí uimhearthachta a thaispeáint. Tugadh faoi deara go bhfuil an uimhearthacht níos leithne ná ábhar na Matamaitice agus go bhfuil scoileanna ag iarraidh nasc níos dlúithe a dhéanamh idir an

uimhearthacht agus na hábhair níos leithne ETIM. Thug roinnt daoine faoi deara gur léirigh straitéisí uimhearthachta a bhain úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha éifeachtaí dearfacha freisin. Thug príomhoidí faoi deara go mbíonn mearbhall go minic idir an méid atá i gceist le huimhearthacht agus go bhfuil sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir ábhar na matamaitice agus an uimhearthacht.

Tugadh faoi deara freisin go bhféadfadh fóibe faoin matamaitic a bheith coitianta i measc roinnt múinteoirí agus mar sin, tá sé tábhachtach cur chuige uile-scoile a chur chun cinn i leith na huimhearthachta. Tá gá le cuir chuige nuálacha a úsáid a bhaineann úsáid as ábhair shúgartha, chun scileanna uimhearthachta a spreagadh agus a fhorbairt. Chuir an grúpa seo béim ar a thábhachtaí atá sé ceannaire uimhearthachta a aithint i scoileanna chun cur chuige comhordaithe a ghlacadh i leith na huimhearthachta.

Gníomhaíochtaí agus acmhainní litearthachta digiteacha

Thug rannpháirtithe faoi deara go bhfuil méadú tagtha ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha i go leor iar-bhunscoileanna agus gur chuidigh an gearrchúrsa maidir le Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha sa tSraith Shóisearach go háirithe. Ar dtús, chuir an phaindéim Covid-19 béim ar an easpa bunscileanna litearthachta digití i measc roinnt foghlaimeoirí agus cuid dá gcuid múinteoirí, ach chuir sí le húsáid mhéadaithe na dteicneolaíochtaí digiteacha freisin agus le méadú comhoibrithe agus uasoiliúna i measc múinteoirí.

Léiríodh sna comhairliúcháin gur chóir go bhféachfaí ar litearthacht dhigiteach mar ghné bhunriachtanach seachas mar rud breise den straitéis nua agus gur cheart go gclúdódh sí raon leathan réimsí curaclaim, lena n-áirítear smaointeoireacht ríomhaireachtúil. Ba cheart níos mó ama agus acmhainní a leithdháileadh ar chúrsaí litearthachta digití, agus ba cheart poist freagrachta a chruthú chun maoirseacht a dhéanamh ar thionscnaimh dhigiteacha. Chomh maith le spás a chur ar fáil ar an gcuraclam, moladh gur cheart don litearthacht dhigiteach cur chuige foghlama bunaithe ar fhiosrú a chur chun cinn chun daltaí a mhealladh.

2.9 Barúlacha ó Chigirí Iar-Bhunscoile

Litearthacht agus uimhearthacht

Mothaíonn cigirí go bhfuil béim mhéadaithe ar litearthacht agus ar uimhearthacht ar an iar-bhunleibhéal mar gheall ar an straitéis roimhe seo. Mar sin féin, uaireanta feictear litearthacht agus uimhearthacht mar rudaí breise, agus an fócas ar an mBéarla agus ar an Matamaitic. Spreagtar deiseanna breise chun béim a chur ar chur chuige traschuraclaim i leith na litearthachta agus na huimhearthachta i gcomhthéacs na straitéise nua. Ba chóir ceannaireacht scoile, pleanáil uile-scoile, agus cuir chuige atá bunaithe ar thaighde a chur chun cinn.

Cuimsitheacht i scoileanna

Ní mór do scoileanna leanúint de bheith solúbtha agus freagrúil do riachtanais a gcuid daltaí, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) acu. Ba chóir do cheannairí tacú le ról an SENCO (an Comhordaitheoir um Riachtanais Speisialta Oideachais) trí shocrú amchláir éifeachtach. Tá gá le cur chuige cuimsitheach maidir le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach do gach dalta.

Litearthacht dhigiteach

Níl tuiscint mhaith ar an sainmhíniú ar litearthacht dhigiteach, agus is minic a bhíonn sé nasctha le scileanna digiteacha. Is gá idirdhealú a dhéanamh idir litearthacht dhigiteach agus inniúlachtaí digiteacha, agus a ról sa litearthacht chriticiúil a shoiléiriú. I bhfianaise nádúr athraitheach na teicneolaíochta digití, ba cheart go léireodh an sainmhíniú ní hamháin úsáid na teicneolaíochta, ach an fócas ar mheastóireacht agus ar chruthaitheacht freisin.

Tá dea-chleachtais sa teicneolaíocht dhigiteach le fáil i gcúrsa na hIdirbhliana, ach is teoranta an tairiscint agus an roghnú atá sna scoileanna. Is gá bogadh ar aghaidh ó úsáid oibríochtúil na dteicneolaíochtaí digiteacha (trí ardáin agus uirlisí a úsáid) agus níos mó airde a thabhairt ar úsáid chriticiúil. Is minic a bhíonn ceisteanna muiníne ann, agus baineann múinteoirí príomhúsáid astu.

Ba cheart litearthacht dhigiteach (LD), chomh maith le litearthacht agus uimhearthacht, a chur san áireamh i ngach ábhar. Ní mór úsáid na teicneolaíochta a leabú ar fud na n-ábhar go léir. Tá gá le tuilleadh taighde chun an chuma ar an litearthacht dhigiteach i ngach ábhar a shainiú.

Is gá tosú ar scileanna litearthachta digití a fhorbairt chomh luath agus is féidir. Ba chóir tús áite a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil in Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM) agus

i seirbhís araon. Tá sé tábhachtach a thuiscint an méid atá i gceist le bheith liteartha go digiteach ar scoil agus chun coinneáil suas le forbairtí nua amhail Intleacht Shaorga.

Tionchar a thomhas

Tá scóip ann le haghaidh níos mó faireacháin agus meastóireachta i scoileanna, lena n-áirítear measúnuithe iomlánaíocha seachas a bheith ag brath ar thrialacha scagtha. Ba chóir béim a chur ar acmhainneacht agus ar raon feidhme na measúnuithe foirmitheacha agus ar na tairbhí a bhaineann le measúnú don fhoghlaimeoir. Tá gá le tuilleadh taighde ar thionchar na litearthachta digití agus conas tionchar a thomhas. Féadann úsáid na teicneolaíochta digití an Ardteistiméireacht a dhéanamh níos inrochtana agus níos cuimsithí do dhaltaí.

Nasc le straitéisí comhlántacha eile

Ní mór don straitéis nua a bheith comhleanúnach agus nasctha le straitéisí comhlántacha eile mar is minic a bhíonn deacrachtaí ag scoileanna le beartais agus cláir éagsúla a nascadh. D'fhéadfadh go mbeadh gá le tuilleadh tacaíochta ceannaireachta chun litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a fhorbairt agus a chur chun cinn i gcomhthéacs Ag Breathnú ar an Scoil Againne.

An Ghaeilge

Caithfear tosaíocht a thabhairt don Ghaeilge sa straitéis nua litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití. Mar gheall ar an méadú ar éagsúlacht chultúrtha inár seomraí ranga, ní mór an timpeallacht ilteangach a bhreithniú freisin.

2.10 Barúlacha ó Thuismitheoirí

Litearthacht agus uimhearthacht

Cé gur chuidigh straitéis 2011 le feabhsú suntasach ar leibhéil litearthachta, mothaíonn tuismitheoirí nach raibh an leibhéal céanna dul chun cinn ann maidir le scileanna uimhearthachta. Ba mhaith le tuismitheoirí go dtabharfaí níos mó airde ar leibhéil uimhearthachta a fhorbairt tuilleadh.

Ról na dTuismitheoirí chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a fheabhsú

Leag na comhairliúcháin béim ar an ról lárnach atá ag tuismitheoirí in oideachas a gcuid leanaí. Iarradh acmhainní ar nós feidhmchlár, leabhar agus cúrsaí ar líne a sholáthar do

thuismitheoirí chun tacaíocht níos fearr a thabhairt d'fhorbairt litearthachta agus uimhearthachta a leanaí. D'aithin tuismitheoirí a thábhachtaí atá sé go mbeadh a gcuid leanaí páirteach i ngníomhaíochtaí uimhearthachta.

Chomh maith leis sin, thug tuismitheoirí faoi deara an tábhacht a bhaineann le hobair bhaile, agus iad ag aithint go mbíonn deacrachtaí ag roinnt tuismitheoirí leis an obair bhaile mar gheall ar chúinsí baile. Moladh go ndéanfaí athmheasúnú ar chleachtais obair bhaile agus go gcuirfeadh scoileanna smaointe ar fáil maidir le héagsúlacht gníomhaíochtaí litearthachta agus uimhearthachta do thuismitheoirí le déanamh lasmuigh nó i suíomhanna eile.

Litearthacht dhigiteach

Fáiltíonn tuismitheoirí roimh thabhairt isteach na litearthachta digití, lena n-áirítear ríomhchlárú agus códú, ag aois níos óige. Aithníonn tuismitheoirí a thábhachtaí atá sé scileanna smaointeoireachta criticiúla a mhúineadh agus sábháilteacht leanaí agus tuismitheoirí araon a chinntiú ar líne freisin. Ba chóir go n-áireofaí leis na cláir oideachais sin gnéithe praiticiúla amhail rólghlacadh chun cabhrú le leanaí inmheánú agus cuimhneamh ar cad atá le déanamh i gcásanna san fhíorshaol.

Cé gur aithníodh go bhfuil infheistíocht shuntasach déanta trí dheontais TFC a sholáthar do scoileanna, mothaíonn tuismitheoirí gur gá do scoileanna a bheith feistithe le níos mó teicneolaíochta agus acmhainní. Tá imní orthu go háirithe faoi rochtain chothrom na bhfoghlaimeoirí ar theicneolaíochtaí, agus mhol siad soláthar méadaithe gléasanna chun rannpháirtíocht na ndaltaí sa litearthacht dhigiteach a fheabhsú tuilleadh. Mhol tuismitheoirí gur cheart scileanna, amhail tadhallchlóscríobh, a fhorbairt, chomh maith le curaclam litearthachta digití a fhorbairt do dhaltaí níos óige.

Tá tuismitheoirí agus caomhnóirí den tuairim go bhfuil siad féin ag titim chun deireadh ó thaobh an eolais atá acu ar phrótacail dhigiteacha sábháilteachta. Moladh gur cheart go mbeadh teacht ag tuismitheoirí ar ábhair oideachasúla atá praiticiúil agus soiléir, amhail físeáin, chun dul i ngleic leis na dúshláin sin.

Inrochtaineacht agus éagsúlacht san oideachas

Ba mhaith le tuismitheoirí comhordú níos fearr a bheith ann idir scoileanna agus seirbhísí tacaíochta seachtracha. Leag siad béim ar a thábhachtaí atá sé go gcuirfí oiliúint fheabhsaithe ar oideoirí luathbhlianta maidir le bheith ag obair le leanaí a bhfuil

riachtanais speisialta acu. Chomh maith leis sin, moladh rochtain níos éasca a chinntiú ar theiripeoirí saothair agus ar theiripe urlabhra i suíomhanna FCLÓ agus i scoileanna. Iarradh freisin a chinntiú go mbeadh oideachas matamaitice ní b'inrochtana do gach foghlaimeoir. D'éiligh tuismitheoirí rochtain a sholáthar d'fhoghlaimeoirí ar ábhair oideachais dhifreáilte agus aoisoiriúnacha freisin.

Moladh sna comhairliúcháin gur chóir go mbeadh níos mó deiseanna ann do leanaí agus do dhaoine óga a bheith rannpháirteach i níos mó cur i bhfeidhm traschuraclaim de ghníomhaíochtaí litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití, toisc gur measadh go bhféadfadh eispéiris foghlama ní ba tharraingtí agus ní b'éifeachtaí a bheith mar thoradh ar chur chuige dá leithéid d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais éagsúla acu.

2.11 Barúlacha ó Sholáthraithe Oideachais Tosaigh Múinteoirí

Oideachas litearthachta

Bhain an plé leis an gcaoi a bhfuil oideachas litearthachta mar chuid lárnach de na cláir Bhaitsiléara san Oideachas (B.Oid.) agus Máistir Ghairmiúil le hOideachas (MGO) thar institiúidí éagsúla. Leagtar béim ar scileanna litearthachta pearsanta na múinteoirí faoi oiliúint a fheabhsú, ar chomhtháthú na litearthachta le disciplíní eile, agus ar thábhacht na teanga bhéil agus na difreála i ngach clár. Cuireann roinnt institiúidí sainbhealaí agus tionscadail taighde sa litearthacht ar fáil freisin.

Oideachas uimhearthachta

Tuairiscíodh go raibh an uimhearthacht chun suntais ar fud na gclár i scoileanna le fócas ar dhéileáil le himní mhatamaitice i measc foghlaimeoirí. Léirigh an plé an tábhacht a bhaineann le foghlaim conas an uimhearthacht a theagasc, comhtháthú ábhair matamaitice san oideolaíocht, agus cleachtas machnamhach. Chomh maith leis sin, ba cheart tacaíocht a thabhairt do chuir chuige i leith theagasc na huimhearthachta amhail teagasc trí dhisciplíní ábhar agus dul i ngleic le himní mhatamaitic trí aghaidh a thabhairt uirthi ar leibhéal pearsanta.

Litearthacht dhigiteach

D'admhaigh rannpháirtithe gur gné thábhachtach dá gcláir í litearthacht dhigiteach. Úsáideann siad cuir chuige éagsúla chun muinín a chothú sna múinteoirí faoi oiliúint, lena n-áirítear foghlaim dhigiteach ón gcéad bhliain ar aghaidh, ceardlanna praiticiúla seachtainiúla ar úsáid a bhaint as uirlisí ábhartha, an teicneolaíocht a leabú ar fud na modúl go léir, agus díriú ar úsáid na teicneolaíochta chun teagasc agus foghlaim a dhéanamh níos cuimsithí. Mar sin féin, leag siad béim ar dhúshláin a bhaineann leis an rochtain atá ag daltaí ar theicneolaíocht ar shocrúchán agus an raon ardán oibriúcháin atá i bhfeidhm i scoileanna.

Tionchar na straitéise

Chuir na rannpháirtithe in iúl go raibh imní orthu faoin mbearna idir ábhar na gclár OTM agus cleachtas iarbhír ar an talamh, chomh maith le saincheisteanna a bhaineann leis an méid ollmhór ábhair atá le clúdach sa phríomhchlár OTM. Bhí éileamh ar shainmhínithe ní ba shainiúla agus ní ba shoiléire sa bheartas don Litearthacht, don Uimhearthacht, agus don Litearthacht Dhigiteach, agus bhí gá le haontacht teachtaireachtaí ar fud gach cuid den earnáil. Bhí moltaí ann freisin maidir le scagadh ní b'fhearr do dheacrachtaí foghlama, úsáid ní ba mhó a bhaint as measúnú leanúnach agus maoiniú do thaighde áitiúil chun dea-chleachtais a shainaithint i scoileanna.

2.12 Barúlacha ó Ghnó agus Tionscal

An méid atá comhroinnte le straitéisí atá ann cheana féin

Tá méid áirithe comhroinnte idir an straitéis agus roinnt straitéisí atá ann cheana agus atá le teacht, mar a léiríodh cheana sa doiciméad seo. Thug go leor rannpháirtithe faoi deara go bhfuil fíorchontúirt ann go mbeadh an córas oideachais ag fulaingt le ró-ualach straitéise agus moladh go dtabharfaí aghaidh ar ailíniú straitéise, mar go bhféadfadh impleachtaí a bheith aige d'eispéiris forbartha gairmiúla múinteoirí amach anseo agus chun naisc thraschuraclaim a shainaithint.

Tugadh faoi deara sa chomhairliúchán go dtiocfaidh forbairt leanúnach ar an straitéis sin de réir mar a bhíonn ár dtuiscint ar a bheith liteartha, uimheartha agus liteartha go digiteach ag athrú i gcónaí. Cé go n-aithnítear an réaltacht sin, tugadh faoi deara freisin gur próiseas casta é curaclam a athrú agus glacadh leis agus mar sin, tá gá le faireachán

leanúnach agus nuashonrú a dhéanamh ar ár dtuiscint ar na coincheapa sin, chun a chinntiú go seasfaidh an straitéis an aimsir.

Meoin chultúrtha reatha a shárú

Is gá an meon a athrú gurb ionann le sochaí na hÉireann uimhearthacht agus ardleibhéal oilteachta sa Mhatamaitic go hiondúil agus go ndeir go leor daoine nach bhfuil siad rómhaith sa Mhatamaitic. Is gá an Uimhearthacht a aithint mar scil thábhachtach ba cheart do gach duine a bhaint amach agus í a nascadh le Gairmeacha agus Saol na hOibre

Thug an fócasghrúpa faoi deara gur scileanna bunúsacha iad litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach atá mar bhonn faoinár saolta go léir agus tá gá le daoine óga a bheith nochta don chineál oibre a dhéanann daoine fásta agus go sonrach, don chaoi a n-úsáideann siad litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach ina saolta oibre. Mhol na rannpháirtithe gur cheart deiseanna a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí, de gach aois, féachaint conas a chuirtear na scileanna sin i bhfeidhm go gníomhach i raon suíomhanna oibre agus gur chóir go dtarlódh sé sin ón aois ba luaithe ab fhéidir.

Glacadh an dearcadh is leithne ar litearthacht dhigiteach

Aontaíodh gur scáth-théarma í an litearthacht dhigiteach agus go bhfuil go leor léirmhínithe agus/nó sainmhínithe féideartha ann. Moladh go gclúdaíonn an straitéis léargas leathan ar cad a chiallaíonn sé le bheith liteartha go digiteach, ionas nach n-éireoidh an straitéis seanaimseartha nó róchúng ina fócas. Ina theannta sin, tugadh faoi deara go bhfuil gá lena chinntiú go dtacaítear le múinteoirí/oideoirí, trí raon tacaíochtaí (lena n-áirítear forbairt ghairmiúil leanúnach), chun a muinín agus a n-inniúlachtaí a fhorbairt maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid ina saolta príobháideacha agus gairmiúla. Ina theannta sin, thug an grúpa faoi deara nach mór don litearthacht dhigiteach dul níos faide ná scileanna digiteacha a fhorbairt chun a chinntiú go ndéanann foghlaimeoirí machnamh ar shaincheisteanna, amhail úsáid eiticiúil agus dhleathach uirlisí digiteacha agus faisnéise inár saol.

Rannpháirtíocht fiontraíochta

Dhearbhaigh rannpháirtithe an fhócasghrúpa go bhfuil an straitéis litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití mar thosaíocht ag grúpaí tionscail, ach tháinig

sé chun solais nach bhfuil sé soiléir i gcónaí don tionscal an ról a d'fhéadfadh a bheith aige murab ionann agus straitéisí eile, amhail straitéisí digiteacha agus ETIM. D'fhéadfadh go mbeadh gá le lucht tionscail a chur ar an eolas faoin gcaoi ar féidir leo ról bríoch a imirt. Is samplaí iad múnlaí atá ann cheana féin, mar Chlár Fionnachtana Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, de chuir chuige chláir atá ag oibriú, agus d'fhéadfaidís sin eolas a chur ar fáil do leathnú breise amach anseo. Ar leibhéal praiticiúil, is mó an seans go dtarlóidh tacaíocht tionscail ar an leibhéal áitiúil nó réigiúnach agus bhí roinnt plé ann maidir leis an mbealach is fearr le gníomhaíocht den sórt sin a ghníomhachtú agus a chomhordú.

Dúshláin chur chun feidhme

Mhol na rannpháirtithe an dá Roinn as an gcaoi a gcuireann siad straitéis le chéile ó thaobh a bheith cuimsitheach. Mar sin féin, tugadh faoi deara go dteastaíonn acmhainní agus comhordú ó bheartais chun a chinntiú go gcuirtear chun feidhme go rathúil iad. Is minic a bhíonn dúshlán ag baint leis sin, agus de ghnáth éilíonn sé go dtosaíonn raon páirtithe leasmhara laistigh den éiceachóras beartais ag obair le chéile chun é sin a bhaint amach.

2.13 Barúlacha ó Eagraíochtaí Tacaíochta

Tá raon leathan eagraíochtaí tacaíochta ag obair ag gach céim den chontanam foghlama, ó FCLÓ go dtí an iar-bhunscoil agus tugadh roinnt díobh sin le chéile chun machnamh a dhéanamh ar a dtaithí roimhe seo ar straitéis 2011 a chur chun feidhme agus chun breathnú ar conas a d'fhéadfaí straitéis nua a chur i ngníomh go rathúil ar leibhéal an chórais.

Leithdháileadh ama

Luadh leithdháileadh ama curaclaim i scoileanna mar phríomhcheist maidir le cur chun feidhme rathúil na straitéise litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití. Cé go dtugadh go leor scoileanna am suntasach do ghníomhaíochtaí litearthachta agus uimhearthachta, ní mar sin atá an scéal i ngach scoil. Thug rannpháirtithe foláireamh go bhféadfadh iarmhairtí diúltacha a bheith ag coinníoll na dtréimhsí ama tiomnaithe don litearthacht agus don uimhearthacht agus go molfaidís cur chuige traschuraclaim

ní ba fhiúntaí a ghlacadh, ina bhforbraítear litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach i gcomhthéacs.

Uimhearthacht agus Matamaitic

Is minic a fheictear an uimhearthacht mar fhreagracht ar na múinteoirí matamaitice ag an iar-bhunleibhéal, ach ní mór breathnú uirthi mar fhreagracht ar gach múinteoir. Go dtí seo, is cosúil go bhfuil baint níos doimhne ag scoileanna le scileanna litearthachta na ndaltaí a fhorbairt. Moladh go bhféadfadh go mbeadh gá le sraith treoirlínte ní ba chuimsithí do scoileanna maidir le scileanna uimhearthachta a fhorbairt, go háirithe san iar-bhunscoil.

Rannpháirtíocht tuismitheoirí

Shainaithin eagraíochtaí tacaíochta príomhdhúshlán maidir le dul i dteagmháil le gach tuismitheoir ar bhealach bríoch, ionas go gcuirfí ar a gcumas tacú le forbairt litearthachta agus uimhearthachta. Moladh go bhféadfaí múnla an tsoláthair tacaíochta teaghlaigh a thairgtear san Astráil a mhacasamhlú go pointe áirithe in Éirinn. Mhothaigh siad gur forbairt shuntasach é bogadh ó chur chuige atá bunaithe ar ábhar i leith litearthachta agus uimhearthachta go fócas atá bunaithe ar scileanna mar go dtugann sé deis do dhaltaí an litearthacht agus an uimhearthacht a fheiceáil i “gcomhthéacs fíorshaoil”.

Rannpháirtíocht múinteoirí

D’oibrigh scoileanna go maith leis an straitéis roimhe seo, go háirithe maidir leis an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS). Mhothaigh an grúpa gur féidir le tionscnaimh nua i scoileanna, le himeacht ama, éirí as an nua agus a móiminteam a chailleadh. Mhol siad go gcaithfidís straitéisí a athchruthú chun rannpháirtíocht a fheabhsú, do mhúinteoirí agus do dhaltaí araon.

Cosúil le rannpháirtithe eile ceapann siad gur múinteoirí litearthachta agus uimhearthachta iad na múinteoirí go léir, ach ní aithnítear é sin i ngach scoil. Luaigh siad go sonrach litearthacht agus uimhearthacht sa Ghaeilge.

Mar a tharla i ngrúpaí fócais eile, thuairiscigh siad gur minic a breathnaíodh ar an múinteoir Béarla san iar-bhunscoil mar thacadóir na litearthachta agus níor chabhraigh an dearcadh sin le feasacht ar litearthacht a scaipeadh ar fud an churaclaim agus i

measc na ranganna go léir. Arís, tugadh faoi deara gurb í an litearthacht cúram na múinteoirí uile. Mhothaigh an grúpa go bhféadfadh an próiseas FMS cuidiú le dul i ngleic leis an tsaincheist sin, mar a bheadh múnla nasctha múinteora a samhlaíodh i straitéis 2011.

Tacaíocht do mhúinteoirí agus d'oideoirí Luathbhlianta

Mhothaigh an grúpa go raibh sé an-tábhachtach go mbeadh fís uileghabhálach ag an straitéis a ghabhann leis an gcur chuige maidir le cur chun feidhme. Thug siad faoi deara go bhfuil go leor athruithe ar siúl ar fud an chórais faoi láthair agus creideann siad go bhfuil sé in am anois é a dhéanamh níos soiléire go bhfuil ról an mhúinteora mar phríomhghníomhaire i gcur chun feidhme na straitéise. Ina theannta sin, ba chóir go leagfaí amach sa straitéis an bealach a dtacóidh an Roinn Oideachais le cleachtas múinteoirí ó thaobh litearthachta, uimhearthachta agus litearthacht dhigiteach de.

Níl a lán oideoirí agus múinteoirí luathbhlianta ar an eolas faoi na feabhsuithe a rinneadh le deich mbliana anuas nó mar sin, maidir leis na cuir chuige atá á nglacadh chun forbairt Litearthachta agus Uimhearthachta a fheabhsú. Braitheadh go mbeadh sé úsáideach an dul chun cinn sin a léiriú i gcomhthéacs straitéise nua.

Mhol an grúpa go bhfuil deis ann anois breathnú ar an bhfoghlaim ghairmiúil d'oideoirí luathbhlianta agus do mhúinteoirí ó thaobh theoiric na litearthachta agus na huimhearthachta agus nuair is féidir, múnlaí a fhorbairt a chuireann ar chumas múinteoirí foghlaim óna gcomhghleacaithe agus cur chuige níos idirdhisciplíní a ghlacadh.

Braitheadh go bhféadfadh soláthar acmhainní ardchaighdeáin, mar shampla leabharlanna ar líne ina bhfuil ábhar agus cuir chuige ábhartha, a bheith cabhrach.

Gaeilge

Maidir le tacaíochtaí don Ghaeilge ar an mbunleibhéal, ba thairbheach forbairt ghairmiúil a chur ar fáil chun cabhrú le múinteoirí a gcaighdeáin féin sa Ghaeilge a fheabhsú. Chuideodh sé sin go mór le cleachtais na múinteoirí i múineadh na Gaeilge a fheabhsú.

Tástáil chaighdeánaithe

Ní mór úsáid na tástála caighdeánaithe a bhainistiú go cúramach i mbunscoileanna chun ceisteanna a sheachaint amhail teagasc don triail nó dearcthaí diúltacha mar thoradh uirthi i leith na litearthachta agus na huimhearthachta do dhaltaí agus do thuismitheoirí. Mhothaigh siad go bhfuil sé tábhachtach béim a leagan ar ról na tástála mar chuid de chur chuige iomlánaíoch atá fite fuaite ar fud an chórais scoile.

Éagsúlacht teangacha

Ba cheart go n-aithneofaí sa straitéis nua éagsúlacht na dteangacha in Éirinn. Áirítear leis sin an Ghaeilge mar aon leis an mBéarla agus an raon nuatheangacha iasachta atá le fáil anois inár scoileanna. Tugadh faoi deara go bhfuil seomraí ranga ag éirí níos ilteangaí sa lá atá inniu ann. Braitheadh go bhfuil gá le béim a chur ar fhorbairt litearthachta i gcomhthéacs na nuatheangacha iasachta. Moladh freisin gur téarma níos cruinne é an téarma "il-litearthachtaí[1]" toisc go bhfuil a chineál litearthachta féin ag gach ábhar.

Litearthacht dhigiteach

Ar nós grúpaí fócais eile, d'iarr eagraíochtaí tacaíochta go leagfaí amach sa straitéis nua go soiléir an méid atá i gceist leis an Litearthacht Dhigiteach agus cad a chuimsítear inti. Mhol siad gur cheart go n-áireofaí léi, ar a laghad, smaointeoireacht chriticiúil, aimsiú faisnéise, cruthaitheacht, cumarsáid, scileanna feidhmiúla agus scileanna sábháilteachta ar líne. Mhol siad freisin go ndíreofaí ar litearthacht chriticiúil a fhorbairt mar thacar scileanna chun cabhrú le leanaí maireachtáil i ndomhan ar líne.

Mhol an grúpa gur gá an litearthacht dhigiteach a leabú ar fud an churaclaim agus gan caitheamh léi mar ábhar neamhspleách. Chun é sin a chumasú, caithfidh rochtain a bheith ag scoileanna ar bhonneagar cuí lena n-áirítear gléasanna, agus cothabháil theicniúil leanúnach. Ar deireadh, mhol siad gur cheart go bhfeabhsódh *Creatchuraclam na Bunscoile* an tuiscint ar an gcaoi a n-oireann litearthacht dhigiteach laistigh den churaclam.

Rannpháirtíocht le seirbhísí tacaíochta múinteoirí

[1] https://pluriliteracies.ecml.at/Principles/tabid/4267/language/en-GB/Default.aspx

Mhothaigh an grúpa gur gá go mbeadh comhthuiscint ag gach seirbhís tacaíochta ar an méid atá i gceist le litearthacht dhigiteach chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Tá gá le comhtheachtaireachtaí agus comhthuiscint ar fud an chórais scoile ar fad.

Braitheadh go dteastaíonn tacaíocht leanúnach ó mhúinteoirí sa litearthacht dhigiteach, toisc go mbíonn sí ag síorathrú. Ní mór é a mheas i gcomhthéacs níos leithne na litearthachta agus go háirithe litearthacht teaghlaigh, nach gcuirtear chun feidhme go hiondúil i ngach scoil. Is cosúil go bhfuil ag éirí go maith le comhtháthú na litearthachta digití i gcláir folláine na scoile agus d'fhéadfaí é a fhorbairt tuilleadh.

Mar a tharla i ngrúpaí fócais eile, thug rannpháirtithe faoi deara an tábhacht a bhaineann le straitéisí ábhartha a nascadh ionas go mbeidh comhtháthú níos fearr eatarthu. Chuirfeadh sé sin cosc ar phríomhoidí agus ar mhúinteoirí a bheith trína chéile. Thug an grúpa faoi deara go bhfuil sé tábhachtach do scoileanna an méid sin atá comhroinnte a aithint agus doiciméid amhail Ag Breathnú ar an Scoil Againne a úsáid chun na naisc sin a dhéanamh.

2.14 Barúlacha ó Fhoghlaimeoirí ar an mBunleibhéal

Litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a thuiscint

Nuair a chloiseann daltaí bunscoile na focail litearthacht, uimhearthacht, agus litearthacht dhigiteach, ceanglaíonn siad uimhearthacht le huimhreacha, comhaireamh, fadhbréiteach, agus réimsí ar leith den Mhatamaitic cosúil le hiolrú, achar agus imlíne. Maidir le litearthacht dhigiteach, tagann gléasanna digiteacha amhail gléasanna táibléid agus ríomhairí glúine, agus gníomhaíochtaí amhail códú chun cuimhne. Tuigtear an litearthacht mar léitheoireacht, scríbhneoireacht, labhairt agus foirmeacha sonracha scríbhneoireachta, mar aistí agus dánta.

Tábhacht na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití

Ceapann daltaí bunscoile go bhfuil litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach tábhachtach do thascanna laethúla, ar nós siopadóireachta agus luach rudaí a thuiscint. Feictear dóibh go dtugann an litearthacht stór focal dóibh chun iad féin a chur in iúl agus chun feabhas a chur ar an gcumarsáid iomlán. Ceapann siad go bhfuil

an Uimhearthacht fíorthábhachtach chun luach rudaí a bheith ar eolas acu. Feictear go bhfuil litearthacht dhigiteach ag éirí níos tábhachtaí i ndomhan ina bhfuil an teicneolaíocht i ngach áit, le haghaidh rudaí amhail siopadóireacht ar líne agus a bheith sóisialta le daoine eile.

Ceapann siad go bhfuil scileanna digiteacha bunriachtanach dá saol laethúil, chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile, chun cabhrú lena gcuid foghlama agus chun post a fháil amach anseo. Creideann daltaí bunscoile go bhfuil sé sin fíorshoiléir i gcomhthéacs imeachtaí a tharla le déanaí ar nós na paindéime Covid-19, rud a d'fhág go bhfuil níos mó úsáide á baint acu as uirlisí digiteacha don obair bhaile, don chomhroinnt agus don chomhoibriú.

Gníomhaíochtaí seomra ranga a bhaineann le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach

Glacann daltaí bunscoile páirt i ngníomhaíochtaí uimhearthachta éagsúla a chuimsíonn cluichí matamaitice a imirt ar ghléasanna táibléid sa seomra ranga go foghlaim faoi ailgéabar agus toilleadh. Bíonn siad i mbun gníomhaíochtaí fadhbréitigh, tuair agus meastacháin freisin I measc na n-uirlisí sainiúla a mbaineann siad úsáid astu tá ciúbanna unifix agus crúiscíní tomhais. Glacann siad páirt freisin i ngníomhaíochtaí níos idirghníomhaí ar nós cosáin mata agus 'fadhb an lae'. Tá gné chomhoibríoch den fhoghlaim ar an mbunleibhéal freisin, agus cabhraíonn daltaí níos sine leis na páistí níos óige trí chlár 'Cairde Matamaitice'.

I measc na ngníomhaíochtaí litearthachta tá dialóga beirte, irisí míosúla a chruthú i nGaeilge agus dul i mbun gníomhaíochtaí léitheoireachta. Is féidir le daltaí páirt a ghlacadh i scríbhneoireacht filíochta, léamh úrscéalta, scríobh tuairiscí agus dul i mbun seánraí éagsúla scríbhneoireachta freisin, chomh maith le cleachtaí litrithe agus teanga a dhéanamh.

Maidir le litearthacht dhigiteach, úsáideann na daltaí gléasanna táibléid chun leabhair dhigiteacha a chlóscríobh agus a chruthú. Bíonn siad i mbun taighde idirlín freisin le haghaidh obair thionscadail, Úsáideann roinnt daltaí, go háirithe iad siúd ó chúlraí nach labhraíonn Béarla iad, uirlisí digiteacha chun críocha aistriúcháin. Imríonn na daltaí cluichí oideachasúla, cruthaíonn siad cur i láthair agus úsáideann siad ardáin amhail Scratch chun códú a dhéanamh. Úsáideann siad cláir bhána idirghníomhacha freisin le

haghaidh raon gníomhaíochtaí, lena n-áirítear féachaint ar fhíseáin agus cluichí tíreolaíochta a imirt.

Deiseanna rannpháirtíochta

Tá go leor deiseanna ann do dhaltaí a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití. Ina measc sin tá ceardlanna scríbhneoireachta le cuairteoirí, scéalaíocht, rannpháirtíocht i Lá Domhanda na Leabhar agus cuairteanna leabharlainne. Is féidir le daltaí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí idirghníomhacha ar nós conairí leabharlainne, turais phictiúrlainne chun scannáin Ghaeilge a fheiceáil agus rannpháirtíocht i dtráth na gceist agus i gcomórtais.

Cuireann litearthacht dhigiteach deiseanna ar fáil do dhaltaí ar nós mionghnólachtaí a chruthú agus páirt a ghlacadh i gcruinnithe beo ar líne le haíonna. Bíonn deis ag roinnt daltaí fiú dul i gcomhar le scoileanna eile nó cluichí matamaitice idirghníomhacha a imirt le daoine den phobal.

2.15 Barúlacha ó Fhoghlaimeoirí ar an Iar-Bhunleibhéal

Litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach a thuiscint

Nuair a chuirtear ceist orthu cad a thagann chun cuimhne agus muid ag caint faoi litearthacht, uimhearthacht, agus litearthacht dhigiteach, déanann foghlaimeoirí an litearthacht a nascadh go príomha le scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta. Tuigtear an uimhearthacht mar chumas le huimhreacha agus le Matamaitic bhunúsach. Ceaptar go bhfuil litearthacht dhigiteach mar an gcéanna leis an litearthacht ach i gcomhthéacs digiteach nó ar líne.

Rannpháirtíocht i litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach sa seomra ranga

Is minic a bhíonn tuiscint ar uimhreacha, réiteach fadhbanna uimhriúla agus tomhas i gceist le gníomhaíochtaí ranga don uimhearthacht. Féadfaidh daltaí páirt a ghlacadh i dtráth na gceist, i ngníomhaíochtaí ETIM, agus i gcomórtais mhatamaitice mar Sheachtain na Matamaitice. Cuirtear leis an obair churaclaim rialta le gníomhaíochtaí spraíúla ar nós Bingo, Sudoku agus tascanna praiticiúla amhail craein a thógáil.

Go ginearálta bíonn baint ag gníomhaíochtaí litearthachta digití le húsáid uirlisí digiteacha agus ardáin ar líne. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis sin aistí a chlóscríobh i ndoiciméid Word, páirt a ghlacadh i dtráth na gceist ar líne, a bheith ag foghlaim conas bogearraí próiseála focal nó cur i láthair a úsáid, agus fiú eagarthóireacht scannáin. Tugann roinnt scoileanna eolas do dhaltaí ar chórais oibriúcháin ríomhaireachta agus cuireann siad cúrsaí sábháilteachta idirlín ar fáil, agus tairgeann scoileanna eile ábhair mar Eolaíocht Ríomhaireachta agus éascaíonn siad ranganna códaithe.

D'fhéadfadh léamh leabhar, amhránaíocht, scéalaíocht agus scríbhneoireacht a bheith i gceist le gníomhaíochtaí litearthachta ar leibhéal na hiar-bhunscoile. Cothaíonn roinnt scoileanna cultúr léitheoireachta le tionscnaimh léitheoireachta. Bíonn deiseanna ag daltaí freisin páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí, cleachtaí léirmheasa leabhar, comórtais litrithe agus comórtais filíochta nó aistí do nuachtáin scoile agus do chomórtais náisiúnta.

Deiseanna rannpháirtíochta sa litearthacht, san uimhearthacht agus sa litearthacht dhigiteach

Tá go leor deiseanna ann do dhaltaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití. Ina measc sin tá tionscadail ghrúpa, obair ranga agus eispéiris lasmuigh den scoil. Glacann roinnt daltaí páirt i gceardlanna don scríbhneoireacht chruthaitheach, agus bíonn daltaí eile i mbun ceoldrámaí scoile nó i gcór. Is minic a eagraíonn scoileanna léamh filíochta, ceardlanna drámaíochta agus tionscadail litearthachta digití. Glacann daltaí páirt i gcomórtais, amhail iad sin le haghaidh códaithe, nó déanann siad agallaimh le cuairteoirí scoile. Éascaíonn go leor scoileanna clubanna iarscoile freisin chun cabhrú leis an mBéarla, agus turais a chuireann le foghlaim an tseomra ranga, amhail cuairteanna ar leabharlanna, uisceadáin nó drámaí.

Tábhacht na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití

Tugann daltaí iar-bhunscoile le fios nach féidir an iomarca béime a chur ar thábhacht na litearthachta, na huimhearthachta agus na litearthachta digití. Tá na scileanna sin bunriachtanach don Ardteistiméireacht agus don saol lasmuigh den scoil. De réir mar a éiríonn an teicneolaíocht dhigiteach níos forleithne, tá tuiscint ar litearthacht dhigiteach ríthábhachtach don obair agus don saol laethúil. Tá sé ríthábhachtach a

bheith liteartha agus uimheartha chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh, páirt a ghlacadh in agallaimh agus chun tascanna laethúla a bhainistiú, amhail airgead a eagrú. De réir mar a leanann an domhan ar aghaidh ag bogadh ar líne, d'fhéadfadh cothú na scileanna sin ó aois óg cabhrú le daltaí oiriúnú agus rath a bheith orthu sa todhchaí dhigiteach.